Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**9333/24**

**RECH 202**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás) a thionólfar an 23-24 Bealtaine 2024*<br>Taighde agus nuálaíocht maidir le hÁbhair Shárfhorbartha le haghaidh Ceannaireacht Thionsclaíoch<br>- Díospóireacht bheartais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta ón Uachtaránacht faoi Thaighde agus Nuálaíocht maidir le hÁbhair Shárfhorbartha le haghaidh Ceannaireacht Thionsclaíoch in oirchill na díospóireachta beartais a bheidh ag an gComhairle Iomaíochais an 23 Bealtaine 2024.

## PÁIPÉAR CÚLRA – 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT MAIDIR LE hÁBHAIR SHÁRFHORBARTHA LE hAGHAIDH CEANNAIREACHT THIONSCLAÍOCH' (COMPET, AN 23 BEALTAINE 2024)

Is **ábhair nua a bhfuil airíonna níos fearr** acu agus atá ceaptha d'aon ghnó chun go mbainfidh feidhmíocht den scoth leo atá in ábhair shárfhorbartha. A bhuí leis an méid a tháinig chun cinn ó thaobh na nuálaíochtaí le 10 mbliana anuas, intleacht shaorga san áireamh, tá eolaithe in ann ábhair nua saincheaptha a chruthú atá i bhfad chun tosaigh ar ábhair a bhíonn ann go nádúrtha. Tá ábhair shárfhorbartha ag tosú **ag dul i bhfeidhm ar gach gné den saol** mar go bhfuiltear in ann táirgí agus feistí iomlán nua a cheapadh dá mbarr. Tá siad riachtanach i raon leathan earnálacha, lena n-áirítear an spás, an chosaint, an t-agraibhia agus an cúram sláinte. Sna chéad 20 bliain eile atá le teacht, is dócha go nglacfar céim ollmhór chun tosaigh ó thaobh taighde agus nuálaíocht de i ndáil le hábhair shárfhorbartha san Eoraip.

Tá ábhair shárfhorbartha ar liosta na réimsí teicneolaíochta criticiúla maidir le slándáil eacnamaíoch an Aontais[1] agus tá siad ríthábhachtach d'iomaíochas an Aontais agus don aistriú glas agus don aistriú digiteach. Tá sé de ghealladh fúthu go bhfuil flúirse réiteach ag baint leo chun Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais a chur chun feidhme go rathúil toisc go spreagann siad nuálaíochtaí i dteicneolaíochtaí nua fuinnimh ghlain dá bhforáiltear sa Ghníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta[2] agus go bhfuil sé d'acmhainn acu amhábhair chriticiúla áirithe a ionadú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le cuspóirí an Ghnímh um Amhábhair Chriticiúla[3], agus an Ghnímh um Shliseanna[4] freisin. Dá bhrí sin, is **bloic thógála ríthábhachtacha** iad gníomhaíochtaí beartais a chuireann feabhas ar bhonn teicneolaíoch na hEorpa maidir le hábhair shárfhorbartha **le haghaidh athléimneacht, iomaíochas agus uathriail straitéiseach oscailte an Aontais**, a chuireann le comhaontú Eorpach maidir le hiomaíochas mar a d'iarr an Chomhairle Eorpach i mí Aibreáin 2024.

---

[1] 13892/23 AD1
[2] 6269/24
[3] PE 78 2023 REV 1
[4] IO L 229, 18.9.2023, lgh. 1–53

**Meastar go dtiocfaidh méadú an-mhór ar an éileamh ar ábhair shárfhorbhartha** sna blianta amach romhainn agus ba cheart é a mheaitseáil le méadú ar nuálaíocht agus ar tháirgeadh san Aontas. Is féidir leis an Eoraip a áirithiú go bhfuil na hacmhainneachtaí agus na hacmhainní is gá aici chun nuálaíocht agus imscaradh ábhar sárfhorbartha a stiúradh, i gcomhréir leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach atá ar bun aige, le beartais thionsclaíocha, inbhuanaitheacht, ciorclaíocht agus athléimneacht na slabhraí luacha. Is dúshlán nuálaíochta a bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leis é deireadh ré na n-ábhar sárfhorbartha a bhainistiú ar mhaithe leis an gciorclaíocht. Tá an cumas ábhair agus teicneolaíochtaí casta a aisghabháil agus a athchúrsáil chun ábhair a dheighilt ríthábhachtach do thionscal na hEorpa.

Is **ábhar casta** é an taighde agus an nuálaíocht (T&F) a dhéantar i dtaca le hábhair shárfhorbartha, **ina gclúdaítear réimsí agus feidhmchlár an-éagsúil.** Tá gealladh faoi chur chun cinn **na teicneolaíochta digití in ábhair shárfhorbartha T&I** – lena n-áirítear an úsáid a bhaintear as bonneagair sonraí, uirlisí samhaltaithe dhigitigh, anailísíocht choiteann sonraí agus intleacht shaorga – chun dlús a chur le sainaithint ábhar núíosach agus ceannródaíoch ach teastaíonn straitéisí tomhaiste cuimsitheacha chun go n-éireoidh leo.

Tá an-ghealladh faoi éiceachóras tionsclaíoch an Aontais i dtaca le hábhair shárfhorbartha. Is féidir leis brath ar **sciar suntasach de cheannairí i réimse na nuálaíochta** agus ar speisialtóireacht láidir teicneolaíochta in earnálacha áirithe[5]. Mar sin féin, tá an seasamh atá againn mar cheannródaí ag lagú. Tá na Stáit Aontaithe agus an tSeapáin chun cinn ar an Aontas ó thaobh aschur paitinnithe corparáideach a mhéid a bhaineann le hábhair shárfhorbartha agus tá an t-aschur sin cobhsaí le tamall cé go bhfuil treochtaí paitinne ag ardú i réigiún eile ar fud na cruinne. Ina theannta sin, tá bearna i gcónaí idir taighde nuálach agus glacadh feidhmeanna agus próiseas tionsclaíoch, ar saincheist í atá nasctha, *inter alia*, leis an easpa saoráidí tástála agus turgnaimh agus leis an easpa fuinnimh fiontraíochta, a léirítear leis an sciar réasúnta beag caipitil ar éirigh le gnólachtaí nuathionscanta atá ag gabháil d'ábhair shárfhorbartha a thiomsú.

---

**5** *Industrial R&D&I investments and market analysis in advanced materials* [Infheistíochtaí T&F&N agus anailís mhargaidh in ábhair shárfhorbartha], staidéar ón gCoimisiún (Samhain 2023).

Tá sé ríthábhachtach go gcuirfear le líon na dtaighdeoirí agus na ngairmithe dea-oilte agus le líon na bhfiontraithe a bhfuil scil acu ina gceird. Go deimhin, tá an **ildisciplíneacht fite fuaite** sa T&F a dhéantar maidir le hábhair shárfhorbartha nua le haghaidh feidhmeanna tionsclaíocha, agus ní mór leas a bhaint as saineolas agus scileanna i réimsí ar nós na ceimice, na fisice, na nanaitheicneolaíochta, na ceirmeachta, na miotalóireachta agus an bhithábhair. Éilítear leis na dúshláin sin go ndéanfaí beartais réigiúnacha, náisiúnta agus Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a chomhordú chun an slabhra luacha iomlán in ábhair shárfhorbartha sna Ballstáit a neartú, go ndéanfaí comhar agus comhtháthú idirearnála a spreagadh, dlús a chur le glacadh ábhar sárfhorbartha agus tionchar na n-infheistíochtaí T&F a dhéantar sa réimse sin a uasmhéadú.

Tá **deis** uathúil ag an Aontas agus ag a Bhallstáit sa lá atá inniu ann **cur chuige straitéiseach comhpháirteach cuimsitheach a fhorbairt** chun **slándáil eacnamaíoch an Aontais a chosaint agus chun a iomaíochas tionsclaíoch a mhéadú.** Beartaítear na hábhair shárfhorbartha chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) bonn eolaíoch ildisciplíneach na hEorpa a neartú; (ii) nuálaíocht agus cumas tionscail a chothú; (iii) spleáchas ar amhábhair chriticiúla agus ar acmhainní criticiúla eile a laghdú; (iv) sineirgí agus cros-toirchiú a fhorbairt ar fud na n-earnálacha; (v) infheistíocht fhoriomlán i gcruthú agus i luachshocrú eolais a mhéadú.

Sa Teachtaireacht uaidh[6], molann an Coimisiún na **réamhthosaíochtaí T&F** seo a leanas le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach in ábhair shárfhorbartha chun go n-éireoidh le haistriú glas agus aistriú digiteach an Aontais: Fuinneamh[7], Soghluaisteacht[8], Tógáil[9], Leictreonaic[10].

---

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hÁbhair Shárfhorbartha le haghaidh Ceannaireacht Thionsclaíoch (an 27 Feabhra 2024,

7 Fuinneamh: Ábhair a bhfuil gá leo chun fuinneamh in-athnuaite agus ísealcharbóin a thiontú agus a ghiniúint, chun fuinneamh a stóráil agus chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh.

8 Soghluaisteacht: Ábhair atá ceaptha le haghaidh stóráil agus úsáid fuinnimh, ábhair láidre éadroma atá ceaptha le haghaidh modhanna agus sócmhainní iompair, cosaint agus marthanacht, ciorclaíocht agus feidhmíocht chomhshaoil agus an cumas feidhmiú i dtimpeallachtaí dúshlánacha

9 Tógáil: Ábhair atá ceaptha le haghaidh foirgnimh fhuinneamhéifeachtúla, struchtúir tógála níos láidre agus faireachán ar shláine struchtúrach, folláine fheabhsaithe i bhfoirgnimh agus ábhair lena gcuirtear leis an gciorclaíocht agus feidhmíocht chomhshaoil níos fearr.

10 Leictreonaic: Ábhair atá ceaptha le haghaidh feidhmíocht níos fearr agus feidhmiúlachtaí nua comhpháirteanna leictreonacha, braiteoirí, coincheapa ríomhaireachta núíosacha, táirgeadh sliseanna, níos mó éifeachtúlachta sa chéad ghlúin eile de theicneolaíochtaí cumarsáide agus an cumas feidhmiú i dtimpeallacht dhúshlánach.

***I bhfianaise an mhéid a luaitear thuas, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:***

1. COMHORDÚ: Conas is fearr is féidir leis an Aontas agus a Bhallstáit an taighde agus an nuálaíocht maidir le hábhair shárfhorbartha a chomhordú chun ilroinnt a laghdú san Aontas agus chun iomaíochas na gcuideachtaí a bhíonn ag gabháil d'ábhair shárfhorbartha agus de shlabhraí luacha a fheabhsú?

2. TOSAÍOCHT: Cad iad na réimsí iarratais ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh? An gcuirtear na forbairtí socheacnamaíocha, eolaíocha nó teicneolaíocha, agus na riachtanais choiteanna fhéideartha maidir le gníomhaíocht chomhpháirteach, san áireamh ar bhealach sách maith sna ceithre réimse tosaíochta a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún tús a chur leis an obair ina leith in 2024? Cad iad na réimsí tosaíochta eile ba cheart a mheas ag an gcéad chéim eile?

3. COMHROINNT CLEACHTAS: An bhfuil samhlacha nó dea-chleachtais ar éirigh leo i do thír féin a thabharfadh inspioráid don Aontas?